

AN PILIBÍN

Tá an pilibín an-madramhail, níl éan ar bith i ndon é abhualadh d'éan mar é féin. Tá sé indon ruaig a chur ar na fionnóga agus ar an seabhac agus ar an faoileáin agus ar a bhfuil acab ann.(ar an bpointe is a fheiceas sé an seabhac tá sé a dhul a rith air.) Bíonn siad ins na sléibhte. Níl áit ar bith is mó a bhíonn siad ná i gcriathracha boga,criathracha uaigneacha i n-áit nach mbíonn mórán daoine. Bíonn ceann de'n ubh ramhar agus ceann eile caol. Tá an pilibín a dhul a' déanamh nead ar mhullach árd nó ar thamhnóg nó ar leac nach gcoinneochaidh aon uisge.